Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021
(OR. en)

8977/21

DENLEG 38
FOOD 24
SAN 312

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8236/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le leibhéil uasta caidmiam in earraí bia áirithe<br>- *Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha* |

1. An 22 Aibreán 2021, thíolaic an Coimisiún an dréachtrialachán thuas (8236/21 + ADD 1) go ndéanfadh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa grinnscrúdú air i gcomhréir le hAirteagal 5a (3)(a) de Chinneadh Uimh. 1999/468/CE ón gComhairle[1], arna mhodhnú le Cinneadh Uimh. 2006/512/CE ón gComhairle[2], lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún.

2. Mheas an Mheitheal um Earraí Bia (Attachés) trí comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn[3] nach bhfuil aon fhorais ann go gcuirfeadh an Chomhairle i gcoinne ghlacadh an dréachtrialacháin ón gCoimisiún.

[1] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23
[2] IO L 200, 22.7.2006, lch. 11
[3] WK 5719/2021, WK 6756/2021

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú, agus

– a mholadh go ndaingneodh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar an gclár oibre, nach bhfuil aon fhorais ann le cur i gcoinne an dréachtrialacháin thuas ón gCoimisiún.